

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

11 Márta 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/424 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach i gcomhair riosca margaidh <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/425 ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 lena gcuirtear bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar fionraí, ar bearta iad a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí ..... 16
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/426 ón gCoimisiún an 10 Márta 2021 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 maidir le *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch <sup>(1)</sup> ..... 18
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/427 ón gCoimisiún an 10 Márta 2021 lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach 24-eipeabraisinióilíd mar shubstaint a mbaineann riosca íseal léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup> ..... 21
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/428 ón gCoimisiún an 10 Márta 2021 lena nglactar formáidí caighdeánacha sonraí maidir le cur isteach iarratas ar fhormheas nó ar leasú ar na coinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> ..... 25

#### Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'almhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017) (IO L 0, 19.5.2017) ..... 27

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

\* Faoin tagairt L 84 a foilsíodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.



## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/424 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2019

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach i gcomhair riosca margaidh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta d'institiúidí creidmheasa agus do ghnóilachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 461a de:

- (1) In 2019, d'fhoilsigh Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht (CBMB) na "Ceanglais chaipitil íosta i gcomhair riosca margaidh", inar tugadh aghaidh ar na laigí i láimhseáil stuamachta ghníomhaíochtaí leabhair trádála na mbanc <sup>(2)</sup>.
- (2) Níl an cur chuige caighdeánaithe malartach a leagtar síos i gCaibidil 1a de Theideal IV de Chuid a Trí de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lánoibríochtuil faoi láthar, de cheal sonraíochtaí teicniúla. Ba cheart na sonraíochtaí sin a ailíniú le ceanglais íosta chaipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh.
- (3) Sonraítear i gceanglais íosta chaipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh ríomh na gceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire i gcás ionstraimí lena ngabhann roghnaíocht. Is éard atá sa ríomh sin roinnt céimeanna, lena n-áirítear conas turraingí a chur i bhfeidhm maidir le fachtóirí riosca agus conas riosca cuaire a chomhiomlánú thar fhachtóirí riosca. Maidir le fachtóirí riosca malairte eachtraí, is gá an ríomh a choigeartú chun comhaireamh dúbailte ar rioscaí cuaire a sheachaint. Gan an choigeartú sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaireamh dúbailte den sórt sin ann toisc, i gcás CBMB, go sloinntear fachtóirí riosca malairte eachtraí trí úsáid a bhaint as airgeadra tuairiscithe institiúide.
- (4) Níor cheart ionstraimí gan roghnaíocht a bheith faoi réir ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca deilte ach amháin i gcás ionstraimí fholuiteach choimhthíoch/ionstraimí foluiteacha coimhthíocha na n-ionstraimí, ach ní i gcás riosca cuaire. Le ceanglais íosta chaipitil CBMB le haghaidh riosca margaidh, áfach, tugtar an rogha d'institiúidí gach ionstraim, lena n-áirítear iad siúd gan roghnaíocht, a chur faoi réir ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire. Is féidir leis an rogha sin a bheith ina chuidiú d'institiúidí a mbíonn suíomhanna le roghnaíocht agus suíomhanna gan roghnaíocht á mbainistiú agus á bhfálú le chéile acu. Chun nach mbainfear úsáid as an rogha sin go príomha chun ceanglais cistí dílse a laghdú, áfach, ba cheart a chur de cheangal ar institiúid ar mian léi an rogha sin a fheidhmiú fógra a thabhairt dá húdarás inniúil go bhfuil rún aici an rogha sin a úsáid, agus ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ag an údarás inniúil sin úsáid na rogha sin a dhiúltú. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid céanna i gcás nach mian le hinstitiúid an rogha sin a úsáid a thuilleadh.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, na Ceanglais chaipitil íosta i gcomhair riosca margaidh. Tá an foilseachán seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta ([www.bis.org](http://www.bis.org)).

- (5) Maidir le láimhseáil suíomhanna i ngnóthais chomhinfheistíochta (GCanna), is é an cur chuige trébhreathnaitheach an cur chuige is cruinne chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh suíomhanna in GCanna toisc go mbraitheann an cur chuige sin ar chomhdhéanamh iarbhrí na GCanna seachas ar chomhdhéanamh ionadach. Chun cur chuige na trédhearcachta a bheith ar fáil, áfach, is gá dianchoinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag institiúidí cineálacha cur chuige eile a úsáid, ar choinníoll go bhfuil siad ar an eolas faoi inneachar shainordú an GC agus gur féidir leo praghsanna luaite laethúla a fháil. Sa chás sin, is féidir le hinstitiúidí punann hipitéiseach a bhunú chun na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh an tsuímh sa GC a ríomh. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na hinstitiúidí sin freisin ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca coigeartaithe luachála creidmheasa na suíomhanna díorthach a áirítear sa GC a ríomh trí chur chuige simplithe a úsáid i gcás nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann chun ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca coigeartaithe luachála creidmheasa a ríomh bunaithe ar na cineálacha cur chuige atá ann cheana. Ba cheart an fhéidearthacht sin a ailíniú leis an gcur chuige simplithe is infheidhme maidir le suíomhanna díorthach a áirítear sna GCanna a leithdháilt ar an leabhar neamhthrádála. I ngeall ar líon na dtoimhdí a chaithfidh institiúidí a dhéanamh agus an cur chuige sin á úsáid acu, ba cheart a úsáid a bheith faoi réir fhorghéas an údaráis inniúil ar leibhéal gach GC aonair.
- (6) Thairis sin, ba cheart an rogha a bheith ag institiúidí suíomh GC a rianaíonn innéacs a láimhseáil mar shuíomh díreach san innéacs sin chun críocha na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh a ríomh. Ba cheart an cur chuige sin a lamháil i gcás ina bhfanfaidh an difríocht idir an GC agus an t-innéacs a rianaíonn sé faoi bhun 1 % thar thréimhse 12 mhí. I gcás ina bhfuil níos lú ná 12 mhí sonraí ar fáil, ba cheart d'institiúidí cead a lorg óna n-údarás inniúil an cur chuige sin a úsáid.
- (7) I ngach cás eile, ba cheart suíomhanna in GCanna a shannadh don leabhar neamhthrádála agus ba cheart iad a láimhseáil dá réir sin chun críocha ceanglais cistí dílse na suíomhanna sin a ríomh.
- (8) Moltar cur chuige “bunairgeadra” i gceanglais caipitil íosta CBMB i gcomhair riosca margaidh mar chur chuige breise chun na ceanglais cistí dílse a chinneadh i gcomhair rioscaí deilte agus cuaire a ghabhann le fachtóirí riosca malairte eachtraí. I gcomhréir leis an gcur chuige sin, ba cheart go mbeadh institiúidí in ann, agus ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh á ríomh acu, airgeadra eile seachas a n-airgeadra tuairiscithe a roghnú chun na fachtóirí riosca malairte eachtraí a shloinneadh. Ba cheart an cur chuige sin a lamháil i gcás ina gcomhlíonann an institiúid roinnt coinníollacha a bhaineann le bainistiú riosca malairte eachtraí na hinstitiúide agus ba cheart é a bheith faoi réir formheas maoirseachta.
- (9) Sonraítear le ceanglais íosta chaipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh na hualáí riosca is infheidhme maidir le híogaireachtaí na bhfachtóirí riosca ráta saor ó riosca, íogaireachtaí an bhoilscithe agus íogaireachtaí ar fhachtóirí riosca trasairgeadra-bhunaithe, ar na fachtóirí riosca um raon difríochta i gcomhair neamhurrúsúcháin de bhuicéad 11 i dTábla 4 d'Airteagal 325ah de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, íogaireachtaí fachtóirí riosca um bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha, íogaireachtaí fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa i gcás urrúisithe a áirítear san ACTP, íogaireachtaí fachtóirí riosca um raon difríochta creidmheasa i gcomhair urrúsúcháin nach n-áirítear san ACTP, íogaireachtaí fachtóirí riosca cothromais agus íogaireachtaí fachtóirí riosca tráchtearraí. Ba cheart na hualuithe riosca is infheidhme maidir le híogaireachtaí na bhfachtóirí riosca sin sa chur chuige caighdeánaithe malartach a ailíniú le ceanglais íosta chaipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh.
- (10) Sonraítear i gceanglais íosta caipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh na comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair fachtóirí riosca bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha, na comhghaolta laistigh de bhuicéad le haghaidh riosca cothromais, agus na comhghaolta idir buicéid i gcomhair riosca cothromais. Ba cheart na comhghaolta is infheidhme maidir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach a ailíniú le híoscheanglais chaipitil CBMB i gcomhair riosca margaidh.
- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú dá réir sin.
- (12) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt d'institiúidí na hathruithe ar an gcur chuige caighdeánaithe malartach maidir le riosca margaidh a thugtar isteach leis an Rialachán Tarmligthe seo a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe seo a chur siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 325e mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

“(a) beidh suíomhanna uile aon ionstraimí lena ngabhann roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (a), (b) (c) de mhír 1 maidir leis na rioscaí seachas ionstraimí foluiteacha coimhthíocha na n-ionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 325u(2);

(b) beidh suíomhanna uile aon ionstraimí gan roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 maidir leis na rioscaí seachas ionstraimí foluiteacha coimhthíocha na n-ionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 325u(2);”;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

“3. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 2, féadfaidh institiúid a roghnú suíomhanna uile ionstraimí gan roghnaíocht a chur faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír 1.

Tabharfaidh aon institiúid a roghnaíonn an cur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír a úsáid fógra dá húdarás inniúil 3 mhí ar a laghad roimh an gcéad úsáid. Tar éis na 3 mhí sin a bheith caite agus ar choinníoll nach ndearna an t-údarás inniúil agóid ina choinne, féadfaidh an institiúid an cur chuige sin a úsáid go dtí go gcuirfidh an t-údarás inniúil an institiúid ar an eolas nach bhfuil cead aici a thuilleadh é a dhéanamh.

Aon institiúid ar mian léi scor den chur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír a úsáid, tabharfaidh sí fógra dá húdarás inniúil 3 mhí ar a laghad sula scorfaidh sí den úsáid sin. Féadfaidh an institiúid scor den chur chuige sin a chur i bhfeidhm, ach amháin má rinne an t-údarás inniúil agóid laistigh den tréimhse 3 mhí sin.”;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 325g:

“Airteagal 325g

### Ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire

1. Déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar síos i mír 2 maidir le factóirí riosca uile na n-ionstraimí atá faoi réir an cheanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire, cé is moite de na factóirí riosca dá dtagraítear i mír 3.

Maidir le factóir riosca ar leith, déanfaidh institiúidí na ríomhanna sin ar bhonn glan thar shuíomhanna uile na n-ionstraimí atá faoi réir an cheanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire a bhfuil an factóir riosca sin ann.

2. Maidir le factóir riosca  $k$  ar leith a áirítear in ionstraim amháin nó níos mó dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh institiúidí suíomh riosca cuaire aníos an fhachtóra riosca sin ( $CVR_k^+$ ) agus glansuíomh riosca cuaire síos an fhachtóra riosca sin a ríomh ( $CVR_k^-$ ) mar a leanas:

$$CVR_k^+ = - \sum_t CVR_{ik}^+$$

$$CVR_k^- = - \sum_t CVR_{ik}^-$$

$$CVR_{ik}^+ = V_i(x_k^{RW(Curvature)^+}) - V_i(x_k) - RW_k^{Curvature} \times s_{ik}$$

$$CVR_{ik}^- = V_i(x_k^{RW(Curvature)^-}) - V_i(x_k) + RW_k^{Curvature} \times s_{ik}$$

arna shloinneadh mar a leanas:

$i$  = an t-innéacs lena gcuirtear suíomhanna uile na  $n$ -ionstraimí dá dtagraítear i mír 1 in iúl agus lena  $n$ -áirítear fachtóir riosca  $k$ ;

$x_k$  = luach reatha fhachtóir riosca  $k$ ;

$V_i x_k$  = luach ionstraim  $i$  mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar luach reatha fhachtóir riosca  $k$ ;

$V_i(x_k^{RW(Curvature)^+})$  = luach ionstraim  $i$  mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar athrú aníos ar luach fhachtóir riosca  $k$ ;

$V_i(x_k^{RW(Curvature)^-})$  = luach ionstraim  $i$  mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar athrú anuas ar luach fhachtóir riosca  $k$ ;

$RW_k^{Curvature}$  = an t-ualú riosca is infheidhme maidir le fachtóir riosca  $k$  arna chinneadh i gcomhréir le Roinn 6;

$s_{ik}$  = fógaireacht deilte ionstraim  $i$  maidir le fachtóir riosca  $k$ , arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325r.

3. De mhaolú ar mhír 2, maidir le cuair fhachtóirí riosca a bhaineann le riosca ráta úis ginearálta (GIRR), riosca um raon difríochta creidmheasa (CSR) agus aicmí riosca tráchtearraí, déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar síos i mír 6 ar leibhéal an chuais iomláin seachas ar leibhéal gach fachtóra riosca a bhaineann leis an gcuair.

Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 2, i gcás inar cuair d'fhachtóirí riosca é  $x_k$  a leithdháiltear ar aicmí riosca GIRR, CSR agus ar aicmí tráchtearraí, is é a bheidh ann  $s_{ik}$  ná suim na  $n$ -fógaireachtaí deilte ar fhachtóir riosca an chuais thar aibíochtaí uile an chuais.

4. Chun ceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid i gcomhair riosca cuaire a chinneadh, déanfaidh institiúidí na suíomhanna riosca cuaire aníos agus anuas, arna ríomh i gcomhréir le mír 2, a chomhiomlánú, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, maidir leis na fachtóirí riosca uile arna sannadh don bhuicéad sin i gcomhréir le FoRoinn 1 de Roinn 3:

$$K_b = \begin{cases} \max(K_b^+, K_b^-), & \text{where } K_b^+ \neq K_b^- \\ K_b^+, & \text{where } K_b^+ = K_b^- \text{ and } \sum_k CVR_k^+ > \sum_k CVR_k^- \\ K_b^-, & \text{otherwise} \end{cases}$$

arna shloinneadh mar a leanas:

$b$  = an t-innéacs a sheasann do bhuicéad d'aicme riosca ar leith;

$K_b$  = ceanglais cistí dílse maidir le riosca cuaire do bhuicéad  $b$ ;

$$K_b^+ = \sqrt{\max(0, \sum_k \max(CVR_k^+, 0)^2 + \sum_{l \neq k} \sum_k p_{kl} CVR_k^+ CVR_l^+ \psi(CVR_k^+, CVR_l^+))};$$

$$K_b^- = \sqrt{\max(0, \sum_k \max(CVR_k^-, 0)^2 + \sum_{l \neq k} \sum_k p_{kl} CVR_k^- CVR_l^- \psi(CVR_k^-, CVR_l^-))};$$

$$\psi(x, y) = \begin{cases} 0, & \text{where } x < 0 \text{ and } y < 0; \\ 1, & \text{otherwise} \end{cases}$$

$p_{kl}$  = na comhghaolta laistigh de bhuicéad idir fachtóirí riosca  $k$  agus  $l$  mar a leagtar síos i Roinn 6;

$k, l$  = na hinnéacsanna a sheasann d'fhachtóirí riosca uile na  $n$ -ionstraimí dá dtagraítear i mír 1 a shanntar do bhuicéad  $b$ ;

$(CVR_k^+)$  = suíomh an ghlanriosca cuaire aníos;

$(CVR_k^-)$  = suíomh an ghlanriosca cuaire anuas.

5. De mhaolú ar mhír 4, maidir leis na ceanglais cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid maidir le riosca cuaire bhuicéad 18 d'Airteagal 325ah, de bhuicéad 18 d'Airteagal 325ak, de bhuicéad 25 d'Airteagal 325am agus de bhuicéad 11 d'Airteagal 325ap, úsáidfeadh an fhoirmle seo a leanas:

$$K_b = \max \left( \sum_k \max(CVR_k^+, 0), \sum_k \max(CVR_k^-, 0) \right)$$

6. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse ó aicmí riosca i gcomhair riosca cuaire (RCCR) a ríomh trí na ceanglais cistí dílse uile ar leibhéal an bhuicéid i gcomhair riosca cuaire a chomhiomlánú mar a leanas:

$$RCCR = \sqrt{\max \left( 0, \sum_b K_b^2 + \sum_{c \neq b} \sum_b \gamma_{bc} S_b S_c \psi(S_b, S_c) \right)}$$

arna shloinneadh mar a leanas:

$b, c$  = na hinnéacsanna a sheasann do na buicéid uile d'aicme riosca ar leith a chomhfhreagraíonn do na hionstraimí dá dtagraítear i mír 1;

$K_b$  = ceanglais cistí dílse maidir le riosca cuaire do bhuicéad  $b$ ;

$$S_b = \begin{cases} \sum_k CVR_k^+, & \text{where } K_b = K_b^+ \text{ in accordance with paragraph 4;} \\ \sum_k CVR_k^-, & \text{otherwise;} \end{cases}$$

$$\psi(x, y) = \begin{cases} 0, & \text{where } x < 0 \text{ and } y < 0 \\ 1, & \text{otherwise;} \end{cases}$$

$\gamma_{bc}$  = na comhghaolta idir buicéid, idir buicéid  $b$  agus  $c$  mar a leagtar amach i Roinn 6.

7. Is é a bheidh sa cheanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire ná suim na gceanglas cistí dílse d'aicme riosca i gcomhair riosca cuaire arna ríomh i gcomhréir le mír 6 thar gach aicme riosca lena mbaineann fachtóir riosca amháin ar a laghad de na hionstraimí dá dtagraítear i mír 1.”;

(3) in Airteagal 325h(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

“(c) ‘cás na gcomhghaolta ísle’, trína ndéantar na paraiméadair chomhghaoil  $\rho_{kl}$  agus  $\gamma_{bc}$  a shonraítear i Roinn 6 a ionadú le  $\rho_{kl}^{low} = \max(2 \cdot \rho_{kl} - 100\%; 75\% \cdot \rho_{kl})$  agus  $\gamma_{bc}^{low} = \max(2 \cdot \gamma_{bc} - 100\%; 75\% \cdot \gamma_{bc})$ , faoi seach”;

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 325i agus 325j:

“Airteagal 325i

### Ionstraimí innéacs agus ionstraimí il-fholuiteacha eile a láimhseáil

1. Úsáidfidh institiúidí cur chuige trébhreathnaitheach le haghaidh ionstraimí innéacs agus ionstraimí il-fholuiteacha eile i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) chun críocha ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca deilte agus riosca cuaire a ríomh, measfaidh institiúidí go bhfuil suíomhanna aonair ina seilbh go díreach i gcomhpháirteanna foluiteacha an innéacs nó ionstraimí il-fholuiteacha eile, ach amháin maidir le suíomh in innéacs a áirítear san ACTP a ndéanfaidh siad íogaireacht aonair ar an innéacs a ríomh ina leith;

(b) lamháiltear d'institiúidí na híogaireachtaí ar fhachtóir riosca atá ina chomhpháirt d'ionstraim innéacs nó d'ionstraim il-fholuiteach eile a ghlanluacháil leis na híogaireachtaí ar an bhfachtóir riosca céanna den chomhpháirt chéanna d'ionstraimí aonainm, cé is moite de shuíomhanna a áirítear san ACTP;

(c) chun críocha ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca véige a ríomh, féadfaidh institiúidí a mheas go bhfuil suíomhanna aonair i gcomhchodanna foluiteacha an innéacs nó ionstraim il-fholuitech eile ina seilbh dhíreach acu, nó féadfaidh siad íogaireacht aonair a ríomh maidir le hionstraim fholuitech na hionstraime sin. Sa dara cás, déanfaidh institiúidí an íogaireacht aonair a shannadh don bhuicéad ábhartha mar a leagtar amach i bhFoRoinn 1 de Roinn 6 mar a leanas:

(i) i gcás ina ndéanfaí níos mó ná 75 % de na comhpháirteanna san innéacs sin a mhapáil ar an mbuicéad céanna, agus ualuithe an innéacs sin á gcur san áireamh, déanfaidh institiúidí an íogaireacht a shannadh don bhuicéad sin agus déanfaidh siad í a láimhseáil mar íogaireacht aonainm sa bhuicéad sin;

(ii) i ngach cás eile, déanfaidh institiúidí an íogaireacht a shannadh don bhuicéad innéacs ábhartha.

2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfaidh institiúidí íogaireacht aonair ar shuíomh i gcothromas nó in innéacs creidmheasa liostaithe a ríomh chun críocha na gceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí deilte agus cuaire a ríomh ar choinníoll go gcomhlíonann an cothromas liostaithe nó an t-innéacs creidmheasa na coinníollacha a leagtar amach i mír 3. Sa chás sin, déanfaidh institiúidí an íogaireacht aonair a shannadh don bhuicéad ábhartha mar a leagtar amach i bhFoRoinn 1 de Roinn 6 mar a leanas:

(a) i gcás ina ndéanfaí níos mó ná 75 % de na comhpháirteanna san innéacs liostaithe sin a mhapáil ar an mbuicéad céanna, agus ualuithe an innéacs liostaithe sin á gcur san áireamh, déanfar an íogaireacht sin a shannadh don bhuicéad sin agus déanfar í a láimhseáil mar íogaireacht aonainm sa bhuicéad sin;

(b) i ngach cás eile, déanfaidh institiúidí an íogaireacht a shannadh don bhuicéad innéacs liostaithe ábhartha.

3. Féadfaidh institiúidí an cur chuige a leagtar amach i mír 2 a úsáid maidir le hionstraimí lena ndéantar tagairt do chothromas liostaithe nó d'innéacs creidmheasa i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na comhpháirteanna den innéacs liostaithe agus a n-ualuithe faoi seach san innéacs sin ar eolas;

(b) tá 20 comhpháirt ar a laghad san innéacs liostaithe;

(c) ní hionann aon chomhpháirt aonair laistigh den innéacs liostaithe agus os cionn 25 % de chaipitliú margaidh iomlán an innéacs sin;

(d) ní hionann aon tacar ina bhfuil an deichiú cuid de líon iomlán chomhpháirteanna an innéacs liostaithe, arna chothromú suas go dtí an chéad slánuimhir eile, agus os cionn 60 % de chaipitliú margaidh iomlán an innéacs sin;

(e) ní lú ná EUR 40 billiún caipitliú margaidh iomlán chomhpháirteanna uile an innéacs liostaithe.

4. Ní úsáidfidh aon institiúid, go comhsheasmhach le himeacht ama, ach an cur chuige a leagtar amach i mír 1 nó an cur chuige a leagtar amach i mír 2 le haghaidh na n-ionstraimí uile lena ndéantar tagairt do chothromas liostaithe nó d'innéacs creidmheasa a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 3. Beidh an institiúid cead a fháil roimh ré ón údarás inniúil sula n-aistreoidh sí ó chur chuige amháin go ceann eile.

5. Maidir le hinnéacs nó ionstraim il-fholuitech eile, bainfear leas as ionchuir íogaireachta comhsheasmhacha i gcomhair rioscaí deilte agus cuaire a ríomh, gan beann ar na cineálacha cur chuige a úsáidfear i gcomhair na hionstraime sin.

6. Beidh innéacs nó ionstraimí il-fholuiteacha a iompraíonn rioscaí iarmharacha eile amháil dá dtagraítear in Airteagal 325u(5) faoi réir an fhorlíontáin riosca iarmharaigh dá dtagraítear i Roinn 4.

*Airteagal 325j*

### **Láimhseáil gnóthas comhinfeistíochta**

1. Déanfaidh institiúid a ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh suímh in GC a ríomh, agus ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas á úsáid aici:

(a) i gcás inar féidir le hinstitiúid faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair an GC, déanfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh an tsuímh GC sin a ríomh trí bhreathnú ar aghaidh i dtreo shuíomhanna foluiteacha an GC amháil is dá mbeadh na suíomhanna sin i seilbh dhíreach na hinstitiúide;



- (b) i gcás nach bhfuil an institiúid in ann faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair an GC, ach go bhfuil eolas ag an institiúid faoi inneachar shainordú an GC agus gur féidir praghsanna luaithe laethúla an GC a fháil, ríomhfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh shuíomh an GC sin trí cheann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas a úsáid:
- (i) féadfaidh an institiúid an suíomh sa GC a mheas mar shuíomh cothromais aonair arna leithdháileadh ar an mbuicéad “earnáil eile” i dTábla 8 d’Airteagal 325ap(1);
  - (ii) a luaithe a gheobhaidh sí cead óna húdarás inniúil, féadfaidh institiúid ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh an GC a ríomh i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i sainordú an GC agus sa dlí ábhartha;
- (c) i gcás nach gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha i bpointe (a) ná i bpointe (b), leithdháilfidh an institiúid an GC ar an leabhar neamhthrádála.

Aon institiúid a úsáideann ceann de na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (b), cuirfidh sí i bhfeidhm an ceanglas cistí dílse i gcomhair an riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo agus an forlíontán riosca iarmharaigh a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo i gcás ina dtugtar le tuiscint le sainordú an GC go mbeidh roinnt neamhchosaintí sa GC faoi réir na gceanglais cistí dílse sin.

Aon institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i bpointe (ii) de phointe (b), féadfaidh sí na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca creidmheasa contrapháirtí agus na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca coigeartaithe luachála creidmheasa maidir le suíomhanna díorthach an GC a ríomh, agus úsáid á baint as an gcur chuige simplithe a leagtar amach i mír 3 d’Airteagal 132a.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil suíomh in GC ag institiúid ar GC é a rianáionn tagarmharc innéacs ionas go mbeidh an difríocht toraidh bhliantúlaithe idir an GC agus tagarmharc an innéacs rianaithe thar an 12 mhí roimhe sin faoi bhun 1 % i ndearbhbhéarmaí, gan beann ar tháillí agus ar choimisiúin, féadfaidh an institiúid sin an suíomh sin a láimhseáil mar shuíomh sa tagarmharc innéacs rianaithe. Déanfaidh institiúid comhlíonadh an choinníll sin a fhíorú nuair a rachaidh an institiúid i mbun an tsuímh agus, ina dhiaidh sin, uair amháin sa bhliain ar a laghad.

I gcás nach bhfuil sonraí don 12 mhí dheireanacha ar fáil ina n-iomláine, áfach, féadfaidh institiúid, ach cead a fháil ó údarás inniúil na hinstitiúide, difríocht toraidh bhliantúlaithe ó thréimhse is giorra ná 12 mhí a úsáid.

3. Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as teaghlaim de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1 le haghaidh a cuid suíomhanna in GCanna. Ní úsáidfidh institiúid, áfach, ach ceann amháin de na cineálacha cur chuige sin i gcomhair na suíomhanna uile sa GC céanna.

4. Chun críocha phointe (b) de mhír 1, déanfaidh institiúid na ríomhanna faoi na forálacha seo a leanas:

- (a) chun críocha an ceanglas cistí dílse a ríomh faoin modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo, glacfaidh an GC suíomh ar dtús a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha sna neamhchosaintí lena mbaineann na ceanglais cistí dílse is airde a leagtar amach faoin Roinn sin agus ina dhiaidh sin leanfaidh sé de shuíomhanna a ghlacadh in ord íslitheach go dtí go sroichfear uasteorainn an chailteanais iomláin;
- (b) chun críocha na gceanglas cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo, glacfaidh an GC suíomh ar dtús a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha sna neamhchosaintí lena mbaineann na ceanglais cistí dílse is airde a leagtar amach faoin Roinn sin agus ina dhiaidh sin leanfaidh sé de shuíomhanna a ghlacadh in ord íslitheach go dtí go mbainfear amach uasteorainn an chailteanais iomláin;
- (c) cuirfidh an GC gearáil i bhfeidhm a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

Déanfar na ceanglais cistí dílse maidir le gach suíomh sa GC céanna a n-úsáidtear na ríomhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina leith a ríomh ar bhonn aonair mar phunann ar leithligh, agus úsáid á baint as an gcur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo.

5. Ní fhéadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an GC na coinníollacha go léir a leagtar amach in Airteagal 132(3) agus i bpointe (a) d’Airteagal 132(4).;

(5) leasaítear Airteagal 325q mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Is é a bheidh sna fachtóirí riosca malairte eachtraí deilte is ionchurtha i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí atá íogair ar mhalairet eachtrach ná na spotrátaí malairte eachtraí go léir idir an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim ainmnithe agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó bunairgeadra na hinstitiúide i gcás ina bhfuil an institiúid ag úsáid airgeadra bunaidh i gcomhréir le mír 7. Buicéad amháin a bheidh ann in aghaidh gach péire airgeadra, ina mbeidh fachtóir riosca aonair agus glaníogaireacht aonair.”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Is é a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire malairte eachtraí is ionchurtha i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí lena ngabhann ionstraimí foluiteacha atá íogair ar mhalairet eachtrach ná na fachtóirí riosca deilte malairte eachtraí dá dtagraítear i mír 1.”;

(c) cuirtear isteach mír 5, mír 6 agus mír 7 seo a leanas:

“5. I gcás nach dtagraíonn ráta malairte eachtraí arb í an ionstraim í is foluiteach le hionstraim i atá faoi réir ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí cuaire d'airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide ná do bhunairgeadra na hinstitiúide, féadfaidh an institiúid na comhpháirteanna comhfhreagracha a roinnt ar  $1,5 \text{ CVR}_{ik}^-$  agus  $\text{CVR}_{ik}^+$  an ní a leagan amach i mír 2 d'Airteagal 325g arb é  $x_k$  an fachtóir riosca malairte eachtraí ina leith idir ceann amháin de dhá airgeadra na bunionstraime agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó bunairgeadra na hinstitiúide, de réir mar is infheidhme.

6. Féadfaidh institiúid, faoi réir cead a fháil óna údarás inniúil, na comhpháirteanna a roinnt ar  $1,5 \text{ CVR}_{ik}^-$  agus  $\text{CVR}_{ik}^+$  an ní a leagan amach in Airteagal 325g(2) go comhsheasmhach le haghaidh fachtóirí riosca malairte eachtraí uile na n-ionstraimí a bhaineann le malairet eachtrach agus atá faoi réir ag ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire, ar choinníoll, maidir le haon fhachtóirí riosca malairte eachtraí atá bunaithe ar airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó ar bhunairgeadra na hinstitiúide, de réir mar is infheidhme, a áirítear i ríomh na gcomhpháirteanna sin, go ndéanfar iad a aistriú go comhuaineach.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh institiúid, ach cead a fháil óna húdaráis inniúil, airgeadra eile ('an bunairgeadra') a chur in ionad a hairgeadra tuairiscithe sna spotrátaí malairte uile chun na fachtóirí riosca malairte eachtraí deilte agus cuaire a shloinneadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) níl ach aon airgeadra bunúsach amháin in úsáid ag an institiúid;

(b) cuireann an institiúid an bunairgeadra i bhfeidhm go comhsheasmhach ar a suíomhanna leabhair trádála uile agus ar a suíomhanna leabhair neamhtrádála uile;

(c) tá an méid a leanas léirithe ag an institiúid chun sástachta a údaráis inniúil:

(i) fágann úsáid an bhonairgeadra a roghnaíodh gur ann d'ionadaíocht iomchuí riosca do shuíomhanna na hinstitiúide atá faoi riosca malairte eachtraí;

(ii) tá rogha an bhunairgeadra comhoiriúnach leis an gcaoi a bhfuil na rioscaí malairte eachtraí sin á mbainistiú go himmheánach ag an institiúid;

(iii) ní hé an fonn atá ann ceanglais cistí dílse na hinstitiúide a laghdú is cúis go príomha le rogha an bhunairgeadra;

(d) cuireann an institiúid san áireamh an riosca aistriúcháin idir an t-airgeadra tuairiscithe agus an bunairgeadra.

Aon institiúid a bhfuil cead tugtha di bunairgeadra a úsáid mar a leagtar amach sa chéad fhomhír, déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a thiocfaidh as an méid sin i gcomhair riosca malairte eachtraí a chomhshó san airgeadra tuairiscithe, agus úsáid á baint as an spotráta malairte atá i réim idir an bunairgeadra agus an t-airgeadra tuairiscithe.”;

(6) in Airteagal 325ae, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

“1. Maidir le hairgeadraí nach n-áirítear i bhfochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí amhail dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 325bd(7), is mar seo a leanas a bheidh ualaí riosca na n-íogaireachtaí ar na fachtóirí riosca ráta saor ó riosca:

Tábla 3

Buicéad	Aibíocht	Ualú Riosca
1	0,25 bliain	1,7 %
2	0,5 bliain	1,7 %

3	1 bhliain	1,6 %
4	2 bhliain	1,3 %
5	3 bliana	1,2 %
6	5 bliana	1,1 %
7	10 mbliana	1,1 %
8	15 bliana	1,1 %
9	20 bliain	1,1 %
10	30 bliain	1,1 %

2. Cuirfidh institiúidí ualú riosca 1,6 % i bhfeidhm maidir le híogaireachtaí uile an bhoilscithe agus maidir le fachtóirí riosca trasairgeadra-bhunaithe.”;

(7) I mír 1 d’Airteagal 325ah, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 4:

“Tábla 4:

Uimhir bhuicéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
1	Gach catagóir	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, na mBallstát	0,5 %
2	Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118	0,5 %
3		Údarás réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí	1,0 %
4		Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn	5,0 %
5		Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	3,0 %
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta	3,0 %
7		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	2,0 %
8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	1,5 %
9		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit	1,0 %
10	Céim cáilíochta creidmheasa 1	Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha	1,5 %
	Céimeanna cáilíochta creidmheasa 2 go 3		2,5 %

11	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118	2 %
12		Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí	4,0 %
13		Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn	12,0 %
14		Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	7,0 %
15		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta	8,5 %
16		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	5,5 %
17		Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	5,0 %
18	Earnáil eile	12,0 %	
19	Innéacsanna creidmheasa liostaithe ina bhfuil formhór a gcomhphárteanna aonair ar ghrád infheistíochta	1,5 %	
20	Innéacsanna creidmheasa liostaithe ina bhfuil formhór a gcomhphárteanna aonair ar ghrád neamhinfeistíochta nó gan rátáil	5 %”;	

(8) In Airteagal 325aj, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 5:

“Tábla 5

Buicéad	1, 2 agus 11	3 agus 12	4 agus 13	5 agus 14	6 agus 15	7 agus 16	8 agus 17	9 agus 10	18	19	20
1, 2 agus 11		75 %	10 %	20 %	25 %	20 %	15 %	10 %	0 %	45 %	45 %
3 agus 12			5 %	15 %	20 %	15 %	10 %	10 %	0 %	45 %	45 %
4 agus 13				5 %	15 %	20 %	5 %	20 %	0 %	45 %	45 %
5 agus 14					20 %	25 %	5 %	5 %	0 %	45 %	45 %
6 agus 15						25 %	5 %	15 %	0 %	45 %	45 %
7 agus 16							5 %	20 %	0 %	45 %	45 %
8 agus 17								5 %	0 %	45 %	45 %
9 agus 10									0 %	45 %	45 %
18										0 %	0 %
19											75 %
20”;											

(9) In Airteagal 325ak, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 6:

“Tábla 6

Uimhir bhucéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
1	Gach catagóir	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, na mBallstát	4,0 %
2	Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118	4,0 %
3		Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí	4,0 %

4		Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn	8,0 %
5		Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	5,0 %
6		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta	4,0 %
7		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	3,0 %
8		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	2,0 %
9		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit	3,0 %
10		Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtírú tíortha	6,0 %
11	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil	Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118	13,0 %
12		Údarais réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí	13,0 %
13		Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn	16,0 %
14		Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	10,0 %
15		Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta	12,0 %
16		Teicneolaíocht, teileachumarsáid	12,0 %
17		Cúram sláinte, fónais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla	12,0 %
18	Earnáil eile		13,0 %";

(10) I mír 1 d'Airteagal 325am, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 7:

“Thábla 7

Uimhir bhuicéid	Cáilíocht chreidmheasa	Earnáil	Ualú riosca
1	Céim cáilíochta Sinsear agus Creidmheasa 1 go 3	RMBS – Príomh	0,9 %
2		RMBS – Meán-Phríomh	1,5 %
3		RMBS – Fo-Phríomh	2,0 %
4		CMBS	2,0 %
5		Urrúis de bhun sócmhainní (ABS) – Iasachtaí do Mhic Léinn	0,8 %
6		ABS - Cártaí creidmheasa	1,2 %
7		ABS - Gluaisteán	1,2 %
8		Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe (CLO) neamh-ACTP	1,4 %
9	Céim cáilíochta neamhshinsear agus creidmheasa 1 go 3	RMBS – Príomh	1,125 %
10		RMBS – Meán-Phríomh	1,875 %
11		RMBS – Fo-Phríomh	2,5 %
12		CMBS	2,5 %
13		ABS – Iasachtaí do mhic léinn	1 %
14		ABS - Cártaí creidmheasa	1,5 %
15		ABS - Gluaisteán	1,5 %
16		CLO neamh-ACTP	1,75 %
17	Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil	RMBS – Príomh	1,575 %
18		RMBS – Meán-Phríomh	2,625 %
19		RMBS – Fo-Phríomh	3,5 %
20		CMBS	3,5 %
21		ABS – Iasachtaí do mhic léinn	1,4 %
22		ABS - Cártaí creidmheasa	2,1 %
23		ABS - Gluaisteán	2,1 %
24		CLO neamh-ACTP	2,45 %
25	Earnáil eile		3,5 %”;

(11) I mír 1 d’Airteagal 325ap, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 8:

“Tábla 8

Uimhir bhuicéid	Caipitliú margaidh	Geilleagar	Earnáil	Ualú riosca i gcomhair spotphraghas cothromais	Ualú riosca i gcomhair ráta athcheannaigh
1	Mór	Geilleagar margaidh atá ag teacht chun cinn	Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta, cúram sláinte, fónais	55 %	0,55 %
2			Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha	60 %	0,60 %
3			Bunábhair, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	45 %	0,45 %
4			Airgeadas lena n-áirítear airgeadas le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht	55 %	0,55 %
5		Geilleagar sárforbartha	Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta, cúram sláinte, fónais	30 %	0,30 %
6			Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha	35 %	0,35 %
7			Bunábhair, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht	40 %	0,40 %
8			Airgeadas lena n-áirítear airgeadas le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht	50 %	0,50 %
9	Beag	Geilleagar margaidh atá ag teacht chun cinn	Gach earnáil a thuairiscítear faoi uimhreacha buicéid 1, 2, 3 agus 4	70 %	0,70 %
10		Geilleagar sárforbartha	Gach earnáil a thuairiscítear faoi uimhreacha buicéid 5, 6, 7 agus 8	50 %	0,50 %
11	Earnáil eile			70 %	0,70 %
12	caidhp mhór mhargaidh, innéacsanna geilleagair sárforbartha			15 %	0,15 %
13	Innéacsanna eile			25 %	0,25 %”;

(12) leasaítear Airteagal 325aq mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Déanfar paraiméadar comhghaoil riosca deilte  $\rho_{ki}$  idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna a shocrú ag 99,90 % i gcás inarb íogaireacht ar spotphraghas cothromais ceann amháin acu agus gur íogaireacht ar ráta athcheannaigh cothromais an ceann eile agus ina mbaineann an dá íogaireacht leis an ainm eisitheora cothromais céanna”;

(b) i mír 2, cuirtear pointe (e) seo a leanas isteach:

“(e) 80 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi bhuicéad innéacs (bhuicéad uimhir 12 nó 13).”;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. Déanfar an paraiméadar comhghaoil  $\rho_{kl}$  idir dhá íogaireacht  $WS_k$  agus  $WS_l$  ar rátaí athcheannaigh cothromais laistigh den bhuicéad céanna a shocrú i gcomhréir le pointí (a) go (d) de mhír 2.”;

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 325ar agus 325as:

“Airteagal 325ar

### Comhghaolta idir buicéid i gcomhair riosca cothromais

Beidh feidhm ag an bparaiméadar comhghaoil  $c$  maidir le comhiomlánú íogaireachtaí idir buicéid éagsúla.

Socrófar é maidir le buicéid Thábla 8 in Airteagal 325ap mar a leanas:

- (a) 15 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhreacha buicéid 1 go 10;
- (b) 0 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhir buicéid 11;
- (c) 75 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhir buicéid 12 go 13;
- (d) 45 % i gcásanna eile.

Airteagal 325as

### Ualuithe riosca i gcomhair riosca tráchtearraí

Is mar a leanas a bheidh na hualuithe riosca maidir le híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca tráchtearraí:

Tábla 9

Uimhir buicéid	Ainm buicéid	Ualú riosca
1	Fuinneamh – ábhair indóite sholadacha	30 %
2	Fuinneamh – ábhair indóite leachtacha	35 %
3	Fuinneamh – leictreachas agus trádáil charbóin	60 %
4	Lasta	80 %
5	Miotail – neamhlómhara	40 %
6	Ábhair indóite ghásacha	45 %
7	Miotail lómhara (lena n-áirítear ór)	20 %
8	Gráin agus olashíol	35 %
9	Beostoc agus déiríocht	25 %
10	Táirgí boga agus táirgí eile talmhaíochta	35 %
11	Tráchtearraí eile	50 %”;



(14) In Airteagal 325av, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Cuirfear ualú riosca 15 % i bhfeidhm ar íogaireachtaí uile na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí.”;

(15) I mír 3 d’Airteagal 325ax, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 11:

“Tábla 11

Aicme riosca	LH <sub>aicme riosca</sub>	Ualuithe riosca
GIRR	60	100 %
Neamhurrúsúcháin CSR	120	100 %
Urrúsúcháin CSR (ACTP)	120	100 %
Urrúsúcháin CSR (neamh-ACTP)	120	100 %
Cothromas (caidhp mhór agus innéacsanna)	20	77,78 %
Cothromas (caidhp bheag agus innéacsanna)	60	100 %
Tráchtearra	120	100 %
Malairt eachtrach	40	100 %”.

#### Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón af 30. september 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2019.

Thar ceann an Choimisiúin  
An tUachtarán  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/425 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 9 Márta 2021**

**lena gcuirtear bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar fionraí, ar bearta iad a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 7 Samhain 2020, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 <sup>(2)</sup> maidir le bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá (na Stáit Aontaithe) tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí isteach san Aontas de tháirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe.
- (2) Foráiltear le haithris 9 de Rialachán (AE) 2020/1646 go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cur i bhfeidhm an Rialacháin a chur ar fionraí i gcás ina gcuirfidh na Stáit Aontaithe frithbhearta i gcoinne allmhairiú táirgí áirithe ón Aontas Eorpach ar fionraí, i ndáil le díospóidí EDT maidir le mór-aerárthaí sibhialta.
- (3) An 4 Márta 2021, thángthas ar chomhthuiscint leis na Stáit Aontaithe chun na bearta uile a chur ar fionraí go frithpháirteach ar feadh tréimhse 4 mhí, ionas go bhféadfaí réiteach cothrom ar dhíospóidí EDT maidir le mór-aerárthaí sibhialta a chaibidlíú, a luaithe a chuirfear nósanna imeachta inmheánacha i gcrích ar an dá thaobh.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh lena gcuirfear bearta beartais tráchtála ar fionraí ar fhorais phráinne, nuair a bhaineann an fhionraí sin le modhnú bheart an tríú tír lena mbaineann,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear cur i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 ar fionraí leis seo ar feadh tréimhse 4 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá réir sin, gan dochar d'aon fhionraí ná modhnú breise, beidh feidhm arís ag na dleachtanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 le héifeacht ón 11 Iúil 2021 agus an dáta sin san áireamh.

<sup>(1)</sup> IO L 189, 27.6.2014, lch. 50; arna leasú le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1) agus le Rialachán (AE) 2021/167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Feabhra 2021 (IO L 49, 12.2.2021, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1646 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2020 maidir le bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe ó Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Trádála díospóid trádála a bhreithniú faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí (IO L 373, 9.11.2020, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/426 ÓN gCOIMISIÚN  
an 10 Márta 2021**

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 maidir le *Lactococcus lactis*  
(NCIMB 30160) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> údaraíodh úsáid a bhaint as ullmhóid *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch go ceann tréimhse 10 mbliana.
- (2) Rinneadh an t-údarú a mhodhnú ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, maidir le foirmlíú an bhreiseáin.
- (3) Ní raibh baint ag an modhnú beartaithe leis an tréimhse údaraithe a leagadh síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a bhí le reáchtáil go dtí an 26 Nollaig 2021. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092, áfach, cuireadh in iúl trí dhearmad go mairfeadh an tréimhse údaraithe maidir le *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 go dtí an 16 Lúnasa 2030. Dá bhrí sin, cuireadh an earráid sin isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092.
- (4) Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a cheartú a mhéid a bhaineann le deireadh na tréimhse údaraithe maidir le *Lactococcus lactis* NCIMB 30160.
- (5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 foráiltear nach mbeidh baint ag an modhnú a bhí le tabhairt ar théarmaí údaraithe an bhreiseáin *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 ach le foirmlíú an bhreiseáin. Ní dhearnadh aon tagairt don ghá atá le modhnú thréimhse údaraithe an bhreiseáin sin. Ina theannta sin, forordaítear le hAirteagal 9(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go ndeonófar údaruithe go ceann tréimhse 10 mbliana agus nach bhféadfar maolú a dhéanamh ar riail den sórt sin trí mhodhnú ar théarmaí an údaraithe. Thairis sin, luadh i gClár na mbreiseán beathaithe gurb é an 26 Nollaig 2021 an dáta i gcónaí a rachadh údarú an bhreiseáin *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 in éag, fiú tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 a ghlacadh. In éagmais éifeacht cúlghabhálaí an cheartúcháin atá beartaithe, bheadh sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir oibreoirí, ós

<sup>(1)</sup> IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2011 maidir le *Lactobacillus buchneri* (DSM 16774), *Lactobacillus buchneri* (DSM 12856), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16245), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16773), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12836), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12837), *Lactobacillus brevis* (DSM 12835), *Lactobacillus rhamnosus* (NCIMB 30121), *Lactococcus lactis* (DSM 11037), *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160), *Pediococcus acidilactici* (DSM 16243) agus *Pediococcus pentosaceus* (DSM 12834) a údarú mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 322, 6.12.2011, lch. 3).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a mhéid a bhaineann le *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 241, 27.7.2020, lch. 10).

rud é nach mbeadh ach oibreoirí atá ag margú *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 nó atá ag baint úsáid as, ag tairbhiú go míchuí de thréimhse údaraithe shínithe a bheith deonaithe ón dáta a dtiocfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 i bhfeidhm le haghaidh an bhreiseáin sin. Thairis sin, sa chás seo ní mheastar go ndéanfaidh cúlghabhálacht difear d'ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí lena mbaineann. Faoi dheireadh, is i gcomhthéacs neamhchoiriúla a thugtar an ceartúcháin atá beartaithe, ós rud é gur botún ba chúis le deireadh earráideach na dtréimhse údaraithe a luaitear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092.

- (6) Chun ionchais dhlisteanacha na bpáirtithe leasmhara a chaomhnú agus de bharr chur i bhfeidhm cúlghabhálach an cheartúcháin atá beartaithe, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Lúnasa 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011, an iontráil i dtaca leis an mbreiseán *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 a bhfuil an uimhir aitheantais 1k2082 aige, ceartaítear í mar a leanas:

Sa cholún “Deireadh na tréimhse údaraithe”, in ionad an dáta “16.8.2030”, cuirtear isteach “26.12.2021”.

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/427 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 10 Márta 2021**

**lena bhformheastar an tsubstaint ghníomhach 24-eipeabraisinióilíd mar shubstaint a mbaineann riosca íseal léi i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 13(2) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 chuir Sunnton GmbH iarratas faoi bhráid na hOstaire an 28 Aibreán 2017 ar fhormheas na substainte gníomhaí 24-eipeabraisinióilíd.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 9(3) den Rialachán sin, thug an Ostair, mar Bhallstát is rapóirtéir, fógra maidir le hinghlachtacht an iarratais don iarratasóir, do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) an 30 Bealtaine 2017.
- (3) An 6 Meitheamh 2018, chuir an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil mheasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin agus cóip de faoi bhráid an Údaráis, ina ndearnadh measúnú i dtaobh an féidir a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh an tsubstaint ghníomhach sin na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (4) Chomhlíon an tÚdarás Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. I gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d'iarr sé ar an iarratasóir faisnéis bhreise a sholáthar do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás. An measúnú ar an bhfaisnéis bhreise ag an mBallstát is rapóirtéir, cuireadh é sin faoi bhráid an Údaráis i bhformáid dréacht-tuarascála measúnaithe nuashonraithe an 22 Deireadh Fómhair 2019.
- (5) An 4 Bealtaine 2020, rinne an tÚdarás a chonclúid <sup>(2)</sup> i dtaobh an féidir a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh an tsubstaint ghníomhach 24-eipeabraisinióilíd na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, a chur in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún. Chuir an tÚdarás a chonclúid ar fáil don phobal.
- (6) An 17 Iúil 2020, chuir an Coimisiún an tuarascáil athbhreithnithe le haghaidh 24-eipeabraisinióilíd faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha agus an 4 Nollaig 2020, chuir sé dréacht-Rialachán faoina bhráid lena bhforáiltear go bhformheasfar 24-eipeabraisinióilíd.
- (7) Tugadh an deis don iarratasóir barúlacha a chur isteach maidir leis an tuarascáil athbhreithnithe.
- (8) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach, agus go háirithe na húsáidí a scrúdaíodh agus a sonraíodh sa tuarascáil athbhreithnithe, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

<sup>(2)</sup> EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí 24-eipeabraisinióilíd; Iris EFSA 2020;6123 <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6132>. Ar fáil ar líne: [www.efsa.europa.eu](http://www.efsa.europa.eu)

- (9) Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur substaint ghníomhach a mbaineann riosca íseal léi í 24-eipeabraisinióilíd de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ní substaint ar údar imní í 24-eipeabraisinióilíd agus comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (10) Is iomchuí, dá bhrí sin, 24-eipeabraisinióilíd a fhorhmeas mar shubstaint a mbaineann riosca íseal léi.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 13(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> a leasú dá réir.
- (12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí**

Déantar an tsubstaint ghníomhach 24-eipeabraisinióilíd, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I í, a fhorhmeas mar atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).



## IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Céannachta	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag formheasa	Forálacha sonracha
24-eipeabraisinióilíd Uimh. CAS: 78821-43-9 Uimh. CIPAC: Ní bhaineann le hábhar	(3aS,5R,6S,7aR,7bS,9aS,10-R,12aS,12bS)-10((2S,3R,4R,5R)-3,4-déhidrocsai-5,6-démheitilheaptán-2-yl)5,6-déhidrocsai-7a,9a-démheitilheacsaidcaihidrea-3H-beinsi[c]indéinea[5,4-e]ocsaipín-3-ón	≥ 900 g/kg	31 Márta 2021	31 Márta 2036	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithnithe an 4 Nollaig 2020, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis.

<sup>(1)</sup> Tugtar sa tuarascáil athbhreithnithe sonraí breise faoi chéannacht agus faoi shonraíocht na substainte gníomhaí.

## IARSCRÍBHINN II

I gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

Uimhir	Gnáthainm, Uimhreacha Céannachta	Ainm IUPAC	Íonacht <sup>(1)</sup>	Dáta formheasa	Dul in éag formheasa	Forálacha sonracha
"27	24-eipeabraisinióilíd Uimh. CAS: 78821- 43-9 Uimh. CIPAC: Ní bhaineann le hábhar	(3aS,5R,6S,7aR,7bS,9aS,10- R,12aS,12bS)-10 ((2S,3R,4R,5R)-3,4- déhiodrocsai-5,6- démheitilheaptán-2-yl)5,6- déhiodrocsai-7a,9a- démheitilheacsaideacaihídeara- 3H-beinsi[c]indéinea[5,4-e] ocsaipín-3-ón	≥ 900 g/kg	31 Márta 2021	31 Márta 2036	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athbhreithnithe an 4 Nollaig 2020, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann leis."

<sup>(1)</sup> Tugtar sa tuarascáil athbhreithnithe sonraí breise faoi chéannacht agus faoi shonraíocht na substainte gníomhaí.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/428 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 10 Márta 2021**

**lena nglactar formáidí caighdeánacha sonraí maidir le cur isteach iarratas ar fhormheas nó ar leasú ar na coinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia <sup>(1)</sup> agus go háirithe Airteagal 39f(2)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I measc Rialacháin eile a leasaíodh le Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> chun trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca an Aontais a neartú i ngach réimse den bhiashlabhra ina ndéanann an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú riosca eolaíoch.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 gur cheart iarratas ar fhormheas substainte gníomhaí nó iarratas ar leasú ar choinníollacha formheasa, a dhéanamh i gcomhréir le formáidí caighdeánacha sonraí.
- (3) Tá dréachtfhormáidí caighdeánacha sonraí bunaithe ar phacáiste bogearraí IUCLID, curtha le chéile ag an Údarás, chun críocha na n-iarratas ar fhormheas agus d’fhonn leasú a dhéanamh ar na coinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar na hiarrataí ábhartha ar aschur eolaíoch.
- (4) Chun ardleibhéal trédhearcachta a áirithiú i ngníomhaíochtaí an Údaráis, is iomchuí próiseáil éifeachtúil ar na hiarrataí ar aschur eolaíoch a gheobhaidh an tÚdarás a chumasú agus deis a thabhairt doiciméid a thíolacadh, a chuardach, a chóipeáil agus a chur i gcló, agus a áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfar na ceanglais rialála a leagtar amach i ndlí an Aontais. Dá réir sin, ba cheart formáidí caighdeánacha sonraí a ghlacadh i dtaca le cur isteach iarratas de réir bhrí Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (5) Ós rud é go gcuirtear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 chun feidhme leis an Rialachán seo, a bhfuil feidhm acu ón 27 Márta 2021, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

<sup>(1)</sup> IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003, Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, Rialachán (AE) 2015/2283 agus Treoir 2001/18/CE (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leis an Rialachán seo, glactar formáidí caighdeánacha sonraí i dtaca le cur isteach iarratas ar fhormheas nó ar leasú ar choinníollacha formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha, de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin.
2. Beidh feidhm aige maidir leis na hiarratais dá dtagraítear i mír 1, a chuirtear isteach an 27 Márta 2021 nó dá éis sin.

*Airteagal 2*

**Formáidí caighdeánacha sonraí a ghlacadh**

Glactar leis seo na formáidí caighdeánacha sonraí i dtaca le formheas substainte gníomhaí agus i dtaca leis an leasú ar choinníollacha an fhormheasa sin, mar a mholann an tÚdarás, bunaithe ar phacáiste bogearraí IUCLID agus atá nasctha leis an lárchóras tíolactha atá le bunú i gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún (\*).

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Márta 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

---

(\*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2020 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana le haghaidh substaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún (IO L 392, 23.11.2020, lch. 20).

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 130 an 19 Bealtaine 2017)*

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 19 Bealtaine 2017)*

Ar leathanach 6, Airteagal 2, pointe (l):

*in ionad:* “(l) ciallaíonn ‘allmhaireoir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhearbhaíonn mianraí nó miotail lena scaoileadh chun saorchúrsaíochta de réir bhrí Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1) nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar thar a cheann a dhéantar an dearbhú sin, mar a léirítear in eilimintí sonraí 3/15 agus i mír sonraí 3/16 i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún (2);”

*léitear:* “(l) ciallaíonn ‘allmhaireoir de chuid an Aontais’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhearbhaíonn mianraí nó miotail lena scaoileadh chun saorchúrsaíochta de réir bhrí Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (1) nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar thar a cheann a dhéantar an dearbhú sin, mar a léirítear in eilimintí sonraí 3/15 agus 3/16 i gcomhréir le hIarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún(2);”

Ar leathanach 6, Airteagal 2, pointe (n):

*in ionad:* “(n) ciallaíonn ‘údaráis inniúla Ballstáit’ an t-údarás nó na húdaráis ainmnithe atá ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 a bhfuil saineolas acu maidir le hamhábhair, próisis thionsclaíocha agus iniúcháireacht;”

*léitear:* “(n) ciallaíonn ‘údaráis inniúla na mBallstát’ an t-údarás nó na húdaráis ainmnithe atá ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 10 a bhfuil saineolas acu maidir le hamhábhair, próisis thionsclaíocha agus iniúcháireacht;”

Ar leathanach 7, Airteagal 3(2):

*in ionad:* “2. Beidh na Ballstáit freagrach as seiceálacha iomchuí ex post de bhun Airteagal 11 a dhéanamh.”

*léitear:* “2. Beidh údaráis inniúla na mBallstát freagrach as seiceálacha iomchuí ex post de bhun Airteagal 11 a dhéanamh.”

Ar leathanach 10, Airteagal 7(1):

*in ionad:* “1. Maidir leis na tuarascálacha d'aon iniúcháireacht tríú páirtí a chuirtear i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 nó fianaise chomhréireachta le scéim dhíchill chuí i slabhra soláthair arna aithint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 8, cuirfidh allmhaireoirí de chuid an Aontais de mhianraí nó de mhiotail ar fáil iad d'údaráis inniúla an Bhallstáit.”

*léitear:* “1. Maidir leis na tuarascálacha d’aon iniúchóireacht tríú páirtí a chuirtear i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 6 nó fianaise chomhréireachta le scéim dhíchill chuí i slabhra soláthair arna haithint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 8, cuirfidh allmhaireoirí de chuid an Aontais de mhianraí nó de mhíotail ar fáil iad d’údaráis inniúla na mBallstát.”

Ar leathanach 11, Airteagal 8(4):

*in ionad:* “4. Fíoróidh an Coimisiún freisin ar bhonn tréimhsiúil, de réir mar is iomchuí, go leanann scéimeanna díchill chuí sa slabhra soláthair de bheith ag comhlíonadh na gcritéar a raibh aitheantas ar chinneadh coibhéise de bhun mhír 3 mar thoradh orthu.”

*léitear:* “4. Fíoróidh an Coimisiún freisin ar bhonn tréimhsiúil, de réir mar is iomchuí, go leanann scéimeanna aitheanta díchill chuí sa slabhra soláthair de bheith ag comhlíonadh na gcritéar a raibh aitheantas ar chinneadh coibhéise de bhun mhír 3 mar thoradh orthu.”

Ar leathanach 13, Airteagal 11(5):

*in ionad:* “5. Chun soiléireacht tascanna agus comhleanúnachas gníomhaíochta i measc údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú, ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha i bhfoirm lámhleabhair ina dtugtar na céimeanna atá le leanúint ag údaráis inniúil na mBallstát agus iad ag déanamh na seiceálacha *ex post* dá dtagraítear i mír 1. Déanfar teimpléid doiciméad chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú a chur san áireamh sna treoirlínte sin, de réir mar is cuí.”

*léitear:* “5. Chun soiléireacht tascanna agus comhleanúnachas gníomhaíochta i measc údaráis inniúla na mBallstát a áirithiú, ullmhóidh an Coimisiún treoirlínte neamhcheangailteacha i bhfoirm lámhleabhair ina dtugtar na céimeanna atá le leanúint ag údaráis inniúla na mBallstát agus iad ag déanamh na seiceálacha *ex post* dá dtagraítear i mír 1. Déanfar teimpléid doiciméad chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú a chur san áireamh sna treoirlínte sin, de réir mar is cuí.”

Ar leathanach 13, Airteagal 12, an chéad mhír:

*in ionad:* “Coimeádfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit taifid de na seiceálacha *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 11(1), agus luafar iontu, go háirithe, cineál agus torthaí seiceálacha den sórt sin, chomh maith le taifid d’aon fhógra faoi ghníomhaíochtaí feabhais arna eisiúint faoi Airteagal 16(3).”

*léitear:* “Coimeádfaidh údaráis inniúla na mBallstát taifid de na seiceálacha *ex post* dá dtagraítear in Airteagal 11(1), agus luafar iontu, go háirithe, cineál agus torthaí seiceálacha den sórt sin, chomh maith le taifid d’aon fhógra faoi ghníomhaíochtaí feabhais arna eisiúint faoi Airteagal 16(3).”

Ar leathanach 14, Airteagal 17(1):

*in ionad:* “1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus go háirithe, ar fhógraí i dtaobh gníomhaíochtaí feabhais arna n-eisiúint ag údaráis inniúla an Bhallstáit de bhun Airteagal 16(3) agus ar na tuarascálacha iniúchóireachta tríú páirtí arna gcur ar fáil de bhun Airteagal 7(1).”

*léitear:* “1. Faoin 30 Meitheamh gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, agus go háirithe, ar fhógraí i dtaobh gníomhaíochtaí feabhais arna n-eisiúint ag a n-údaráis inniúla de bhun Airteagal 16(3) agus ar na tuarascálacha iniúchóireachta tríú páirtí arna gcur ar fáil de bhun Airteagal 7(1).”



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)